Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 19 Meán Fómhair 2023
(OR. en)

12634/23

LIMITE

CORLX 860
CFSP/PESC 1233
COEST 504
FIN 910

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine |

**CINNEADH (CBES) 2023/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Iúil 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/512/CBES[1], a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine.

(2) An 23 Meitheamh 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/1217[2], lenar leasaíodh Cinneadh 2014/512/CBES agus lenar tugadh isteach tuilleadh bearta sriantacha chun gníomhaíochtaí craoltóireachta san Aontas, nó atá dírithe ar an Aontas, a chur ar fionraí, gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag eagraíochtaí meán áirithe dá dtagraítear i bpointe (3) den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/1217. De bhun Airteagal 1, pointe (24), de Chinneadh (CBES) 2023/1217, tá infheidhmeacht na mbeart sin maidir le ceann amháin nó níos mó de na heagraíochtaí meán sin faoi réir cinneadh eile ón gComhairle.

(3) Tar éis di na cásanna faoi seach a scrúdú, chinn an Chomhairle gur cheart feidhm a bheith ag na bearta sriantacha dá dtagraítear in Airteagal 4g de Chinneadh 2014/512/CBES ón 1 Deireadh Fómhair 2023 maidir leis na heintitis uile dá dtagraítear i bpointe (3) den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/1217,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 13).

[2] Cinneadh (CBES) 2023/1217 ón gComhairle an 23 Meitheamh 2023 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 159I, 23.6.2023, lch. 451).

*Airteagal 1*

Beidh feidhm ag na bearta sriantacha dá dtagraítear in Airteagal 4g de Chinneadh 2014/512/CBES ón 1 Deireadh Fómhair 2023 maidir leis na heintitis uile dá dtagraítear i bpointe (3) den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/1217.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC